



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

**Post mar Oifigeach Seirbhísí
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe**

Nóta Eolais d'Iarrthóirí

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [RCOG] ag lorg iarratais ó iarrthóirí oiriúnacha chun folúntais a d'fhéadfadh teacht chun cinn i bpost mar Oifigeach Seirbhísí ina cuid oifigí sna Forbacha, Co. na Gaillimhe, a líonadh.

Áireoidh ról an Oifigigh Seirbhísí sa Roinn na dualgais seo a leanas:

- Déileáil leis an bpobal ag an bhfáiltiú agus ar an teileafón
- Déileáil le cothabháil an fhoirgnimh - laistigh agus lasmuigh
- Déileáil le post inmheánach agus seachtrach
- Ordú soláthairtí oifige agus an stoc stáiseanóireachta a choinneáil chun dáta
- Déileáil le cothabháil trealamh oifige
- Próiseáil billí fónais na hoifige agus iad ag aibiú
- Dualgas ar bith eile a bhaineann leis an bpost

Incháilitheacht/Taithí Inmhianaithe/Riachtanais Oideachais

Riachtanach:

- Sáreolas ar an nGaeilge agus an cumas sin a léiriú
- An t-eolas agus an cumas dualgais an phoist atá i gceist a chur i gcrích
- Oiriúnach ar bhonn carachtair
- Oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile do cheapachán don phost atá i gceist agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad sa phost mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais atá ceangailte leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina bhfeidhmítear na dualgais nó faoina bhféadfaí go bhfeidhmeodh na dualgais
- Taithí ar obair i bhfoireann
- Iomlán cumasach agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais atá ceangailte leis an bpost, agus ábalta go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais sin

Inmhianaithe

- Gnáth-Ardteistiméireacht nó a comhionann
- Taithí ar sheomra poist nó mar dhuine poist
- Scileanna ríomhaireachta go leibhéal ECDL
- Scileanna agus taithí ar obair mar fháilteoir

Próiseas Roghnúcháin

Beidh roghnú i gcomhair agallaimh bunaithe ar thaithí oibre agus scileanna sna réimsí seo a leanas:

- Taithí roimhe seo mar oifigeach seirbhíse
- Taithí i seomra poist nó mar fhear/bhean poist
- Taithí ar obair foirne
- Scileanna fáiltithe
- Dualgais slándála
- Taithí ar dhéileáil leis an bpobal
- Ceadúnas iomlán, glan tiomána (inmhianaithe, ach níl sé riachtanach)
- Líofacht i nGaeilge agus i mBéarla, idir labhartha agus scríofa.

Bheadh leibhéal maith ginearálta oideachais inmhianaithe.

Gearrliostú

Ag brath ar líon na n-iarratas, d'fhéadfadh go mbeadh gá iarrthóirí a chur ar ghearrliosta i gcomhair agallaimh. Déanfar é seo ag tagairt do thaithí ábhartha agus do cháilíochtaí oideachasúla. Mar sin, is ar mhaithe leat féin atá sé cuntas cruinn agus mionsonraithe a chur ar fáil de do cháilíochtaí agus do thaithí i d'iarratas.

Rúndacht

Caithfear go rúnda le gach iarratas faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Imréiteach Slándála

D'fhéadfaí go lorgófaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le daoine a mbeifear á meas i gcomhair ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur isteach má tharlaíonn sé go mbeifear á m(h)eas i gcomhair ceapacháin. Cuirfear an foirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána i gcomhair seiceálacha slándála ar gach seoladh ag a raibh an t-iarratasóir ina c(h)ónaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as costas ar bith a thabhoídih iarrthóirí agus iad ag cur isteach ar an bpost.

Ní féidir glacadh leis gur ionann duine a cheadú isteach ar chomórtas, nó cuireadh a thabhairt dó/di freastal ar agallamh, agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheith sásta go gcomhlíonann an té sin riachtanais an phoist nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe ag an dlí ó shealbhú an phoist agus níl aon urrús leis go ndéanfar aon mhachnamh eile ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigeann tú go bhfuil an dualgas ort féin a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don chomórtas sula ndéanann tú freastal ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na riachtanais riachtanacha iontrála seo, ach go ndéanann tú freastal ar an agallamh ar aon nós, beidh tú ag cur costas nach gá ort féin.

Sula molfar iarrthóir ar bith i gcomhair a c(h)eaptha sa phost, déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cibé fiosrúchán is gá chun oiriúnacht an iarrthóra don phost a dheimhniú. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta comhlíonta go hiomlán,

ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná tátal a bhaint as go bhfuil a leithéid de chinneadh déanta.

Sa chás go ndiúltóidh an té a mholfar don phost glacadh leis an bpost, nó sa chás go bhfuil an post glactha aige/aici agus go scarfaidh sé/sí leis, nó má thagann post breise chun cinn, féadfaidh an RCOG, mar is rogha léi, duine eile a roghnú agus a mholadh i gcomhair ceapacháin de réir thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Ceartha na nIarrthóirí - Nósanna Imeachta um Athbhreithniú i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin:

Breathnóidh an RCOG ar iarratais ar athbhreithnithe faoi réir fhorálacha na gcód cleachtais atá foilsithe ag an CCSP. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

<http://www.cpsa.ie/>

Sa chás go mbíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh i ndáil le hiarratas, is féidir leis/léi athbhreithniú a lorg faoi Alt 7 den chód cleachtais.

- Ní mór don iarrthóir a (h)ábhar imní i dtaca leis an bpróiseas a chur i scríbhinn i dtosach báire chuig an Oifigeach Pearsanra, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a bheith déanta laistigh de 10 lá oibre ó fhógra a fháil i dtaca leis an gcéad chinneadh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as sin.
- É sin ráite, sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a bheith faighte laistigh de 4 lá oibre ó dháta an chinnidh nó laistigh de 2 lá oibre ó dháta faighte an chinnidh faoin bpróiseas neamhfhoirmiúil; ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an próiseas neamhfhoirmiúil a úsáid ag an gcéim eatramhach é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ó chur in iúl an chinnidh dóibh.
- Agus an toradh á chur in iúl don iarrthóir, rud a dhéanfar trí mheán tuarascála scríofa, ní mór don chéad athbhreithnitheoir a lua go bhféadfaidh sé/sí athbhreithniú eile a lorg tríd an ábhar a atreorú chuig an Eadránaí Cinnidh agus nach mór iarratas chun a leithéid sin a dhéanamh a bheith déanta laistigh de 7 lá oibre ó dháta faighte thoradh an chéad athbhreithnithe.

Sa chás go gceapann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas cód cleachtais an CCSP, féadfaidh sé/sí fiosrúchán a lorg ón CCSP faoi Alt 8 den chód.

CÁILITHEACHT CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT

Srianta áirithe ar cháilitheacht chun dul san iomaíocht

Ní mór d'iarrthóirí a nótáil go bhfuil cáilitheacht chun cur isteach ar an gcomórtas oscailte do shaoránaigh Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA Ballstáit an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh na hEilvéise iarratas a dhéanamh freisin faoi chomhaontuithe an AE.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann i litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Pearsanra ar an 28 Meitheamh 2012, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012. Tháinig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí ICTU ar an gComhaontú Comhchoiteann i ndáil le hÍocaíochtaí

Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Poiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe chun go bhfostódh comhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011) ar bith iad sa tseirbhís phoiblí ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta) a chruthú agus beidh cead le fáil ón Aire sula bhfostóidh comhlacht seirbhíse poiblí ar bith iad.

An Scéim Dhreasaithe do Luathscor (ISER)

Tá sé ina choinníoll den Scéim Dhreasaithe do Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach bhfuil cead ag pinsinéirí faoin Scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le pinsinéirí faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanáí (7/2010):

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte, ón dáta 1 Samhain 2010, isteach an Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach (VER) agus na Scéimeanna Iomarcaíochtaí Deonacha (VRS). Tá sé ina choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim sin incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí go ginearálta ná i gcomhlacht atá á mhaoiniú go hiomlán nó i bpáirt ó chistí poiblí. Tá feidhm leis an toirmeasc céanna maidir le hathfhostú faoin VRS, ach amháin go maireann an toirmeasc 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)

Thug Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach Scéim Iomarcaíochta Deonáí d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn*: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí ón 28 Meitheamh 2012 a bhfuil sonraí faoi thuas, is coinníoll sonrath den Scéim VER sin nach mbeadh daoine incháilithe d'athfhostú in aon fhoras seirbhíse poiblí [mar a shainmhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás socrú/fostú ar bhonn conradh as seirbhís (bíodh sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Scor de bharr Drochshláinte

Nótáil, le do thoil, sa chás go bhfuil duine ar scor ón gcomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar bhonn drochshláinte, d'fhéadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

Dearbhú:

Iarrfar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dhreasaithe luathscoir sa tseirbhís phoiblí nó nár bhain. Iarrfar ar iarratasóirí freisin dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíochtaí atá acu do shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó coinnithe) ó fhostaíocht ar bith eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó sa chás go bhfuair siad íocaíocht in ionad i ndáil le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

An Próiseas Iarratais

Ríomhphost: hr@chg.gov.ie chun foirm iarratais a fháil.

Spríodhata

Ní mór na hiarratais chomhlánaithe a sheoladh **sa phost roimh Déardaoin, 9 Samhain, 2017**, chuig:

**Comórtas d'Oifigeach Seirbhísí
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
D02 DT30.**

Ní mór "Comórtas d'Oifigeach Seirbhísí 2017" a mharcáil go soiléir ar an gclúdach litreach.

NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS DHÉANACHA

Aquisín 1 - Príomhchoinníollacha seirbhíse

Ráta pá

€412.22, €436.80, €446.07, €465.69, €483.20, €493.67, €505.95, €520.69, €545.91(Uasmhéid), €563.92 (IFS1), €583.99 (IFS2)

Faoi réir fheidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha i gcomhréir le Polasaí an Rialtais reatha.

Tuarastal Tosaigh

Rachfar isteach ar an scála ag an mbunphointe.

Féadfar an ráta luach saothair a shocrú ó am go ham de réir pholasaí pá an Rialtais.

Tionacht

Beidh an ceapachán i gcáil phromhaidh ar feadh tréimhse bliana.

D'ainneoin a bhfuil scríofa roimhe seo, d'fhéadfadh ceachtar den dá thaobh deireadh a chur leis an gceapachán ag am ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

I gcás mí-iompar tromchúiseach, d'fhéadfaí deireadh a chur leis an gceapachán gan fógra.

Sa chás go gcuirfí deireadh leis an gceapachán faoi théarmaí an fho-aillt roimhe seo, ní bheidh luach saothair ná cúiteamh iníoctha seachas an méid sin a bhaineann leis an obair atá déanta cheana féin.

Saoire Bhliantúil

Is 22 lá oibre sa bhliain an tsaoire bhliantúil a bheidh ar fáil agus méadóidh sí sin go 23 lá oibre sa bhliain tar éis 5 bliana seirbhíse agus go 24 lá oibre sa bhliain tar éis 10 mbliana seirbhíse. Beidh an tsaoire sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áiríonn sí gnáthlaethanta saoire poiblí.

Uaireanta Freastail

Beidh uaireanta oibre socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná $43\frac{1}{4}$ uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Sa chás go mbeidh gá le freastal breise, ceadófar íocaíochtaí ragoibre, nó am in lieu, de réir rialacháin ragoibre na Státseirbhíse.

Dualgais

Iarrfar or cibé dualgas a shannfar duit ó am go chéile a chur i gcích, de réir mar a oireann don phost. Post lánaimseartha a bheidh i gceist agus ní bheidh ceangal agat le gnó ar bith lasmuigh a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmíocht do chuid dualgas oifigiúil. Aontaíonn tú tabhairt faoi na dualgais atá ceangailte leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcuirtear na dualgais i gcrích, nó faoina bhféadfaí a bheith ag súil go gcuirfí i gcrích iad.

Ginearálta

Tá an ceapachán seo faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm maidir leis an Státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Aoisliúntas agus Scor Tairgfear na téarmaí agus na coinníollacha cuí aoisliúntais don té a cheapfar de réir mar atá siad i bhfeidhm sa státseirbhís ag an am go mbeidh an ceapachán á thairiscint. Go ginearálta, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an "Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime le fáil ag <http://www.per.gov.ie/pensions>.

I gcás inar oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (téarmaí scéim neamh-aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh a c(h)eaptha nó ina bhfuil sé nó sí ar sos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh sé go mbeadh téarmaí éagsúla i gceist. Déanfar teidlíocht pá agus pinsin cheapaithe den sórt sin a bhunú ar stair a bpoist sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann leis an Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (ag ardú go 67 agus 68) i gcomhréir le hathruithe aoise ar Phinsean an Stáit.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag aois 70.
- Úsáidtear meántuilleamh gairmréime le sochair a ríomh (fabhraíonn suim pinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátaíl gach bliain ag tagairt don phraghasinnéacs tomhaltóirí.
- Tá méaduithe iarscoir ar phinsean nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí

Lacáiste Pinsin

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó i gcás ina ndéanfar pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí a íoc le linn a athfhostaithe nó a hathfhostaithe, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** i gcomhréir le hAlt 52 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012.. **Tabhair faoi deara, le do thoil: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, tá tú ag aithint go dtuigeann tú go bhfuil na forálacha lacáiste, i gcás inarb ábhartha, i bhfeidhm. Ní fheictear go dtacóidh an Roinn/Oifig fhostaitheach le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste i leith cheapacháin chuig an bpost seo.**
- Ach, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má bronnadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dhreasaithe do Luathscor (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas), stopfar teidlíocht an duine don pinsean sin le héifeacht ó dháta a (h)athcheaptha. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, do chomhaireamh na seirbhíse a thug an ceapaí roimhe seo ar mhaithe le haon bhronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith ina theideal.

Ciorclán na Scéime Luathscoir do Mhúinteoirí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna 102/2007

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir, gan na cásanna atá luaite in ailt 10.2 agus 10.3 thuas den cháipéisíocht chiorcláin ábhartha san áireamh, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má bhíonn sé nó sí fostaithe ina dhiaidh sin i gcáil ar bith i réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear críoch ar an toirt le híocaíocht pinsin leis an duine sin. Íocfar na híocaíochtaí pinsin arís áfach nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó nuair a shroichfidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh na híocaíochtaí arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní cuirfear san áireamh i ríomh na híocaíochta pinsin na blianta breise a bronnadh roimhe seo).

Scor de bharr Drochshláinte

Nótáil, le do thoil, sa chás go bhfuil duine ar scor ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar bhonn drochshláinte, d'fhéadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

Iarfhostaithe de chuid na Seirbhíse Poiblí

Cé gur ballraíocht Scéime Aonair ata sna téarmaí réamhshocrúithe pinsin, mar atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, d'fhéadfadh nach mbainfeadh sé seo le ceapaithe áirithe. Tá sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina b(h)all de Scéim Aonair ar fáil in Acht 2012. Is é an príomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, nach nglacfaidh duine a éiríonn leo sa chomórtas agus a bhí ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine ó thús an cheapacháin, go ginearálta ballraíocht sa Scéim Aonair. Déanfar teidlíocht pá agus pinsin ceapaí den sórt sin a bhunú ar stair a bpost sa tseirbhís phoiblí.

Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán ar féidir a chur san áireamh i dtreo pinsean i gceist má tá duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana féin (i.e. Scéim Neamh-Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith anseo do cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige nó aici i bhfostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

Asbhaint a bhaineann le Pinsean

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí d'fhostaithe na Seirbhíse Poiblí, féach le do thoil ar an suíomh gréasáin seo a leanas:

<http://www.per.gov.ie/pensions>.

Saoire Bhreiteachta

D'fhéadfaí pá iomlán a cheadú le linn saoire breiteachta atá deimhnithe i gceart, fad is nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan chun seirbhíse, suas go huasmhéid 92 lá in aon bhliain agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir uasmhéid de 183 lá saoire breiteachta in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Iarrfar ar an gceapaí sainordú a shíniú chun údarás a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí sochar ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn atá ag fostú agus braithfidh íocaíocht le linn breoiteachta ar an oifigeach ag déanamh na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

Beidh an ceapaí faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Aontóidh an té a cheapfar gan aon eolas rúnda a nochtadh le tríú páirtí, go háirithe páirtí le féidearthacht tráchtála, bíodh sin le linn nó i ndiaidh na tréimhse fostaíochta.

Réamhchheadú d'Fhoilseacháin

Aontóidh an té a cheapfar gan aon ábhar a bhaineann lena c(h)uid dualgas oifigiúil a fhoilsiú gan cead roimh ré ó Cheann na Roinne.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn na tréimhse fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

Éide á Caitheamh

D'fhéadfadh go mbeadh ar an té a cheapfar éide oifigiúil a chaitheamh, má chuirtear a leithéid ar fáil.

Tuilleadh Sonraí

Tá forálacha mionsonraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha éagsúla eile, mar shampla, cineálacha saoire (lena n-áirítear saoire mháithreachais, saoire uchtála agus saoire shláinte & shábháilteachta) a bhféadfadh cuid de, nó é ar fad, a bheith ábhartha don té a cheapfar, leagtha amach sna ciorcláin atá ar fáil ar www.personnelcode.gov.ie.

Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl i gceist leis go mbeadh sé ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus na coinníollacha iomlána fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta.